# A1 Topaic 5

## 10 Bearnaí

## Scríbhneoireacht

2

## 10 Bearnaí

**Le múineadh:**
- An foclóir a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat.

3

## Bileog Bearnaí



4

©GaeilgegoDeo 2023

## Bearnaí

- Léigh na habairtí seo thíos faoi chaitheamh aimsire.
- Léigh tríd an rogha d'fhreagraí atá ann
- Roghnaigh an focal is fearr (A, B nó C) ón mbosca thíos do gach bearna.

5

## Bearnaí

- 1. Téim go dtí an **phictiúrlann**.
- 2. **Féachaim** ar an teilifís.
- 3. Éistim **leis** an raidió.
- 4. Téim chuig drámaí le mo **bhean chéile**.
- 5. An **dtéann** tú go dtí an amharclann go minic?
- 6. An **maith** leat ceol clasaiceach?

6

## Bearnaí

- 7. Níl suim dá laghad agam sa **cheol** traidisiúnta.
- 8. Téim go dtí an teach tábhairne ag an deireadh **seachtaine**.
- 9. Cad a **dhéanann** tú Dé Domhnaigh?
- 10. Is **fuath** liom leadóg.
- 11. Seinnim an giotár le **cara** san óstán gach Dé hAoine.

7

©GaeilgegoDeo 2023

## Bearnaí – Brí na mbearnaí

- Sa chéad bhearna is é an phictiúrlann an freagra ceart, mar is focal baininscneach é pictiúrlann a thosaíonn le consan.
- Cuirtear séimhiú (más féidir) ar fhocail bhaininscneacha a thosaíonn le consan i ndiaidh an, cosúil le: an chistin.
- Níl aon athrú ar fhocail fhirinscneacha sa chás céanna, an baile.
- An féidir leat na focail thíos a scríobh amach i gceart leis an t-alt an rompu?

8

## Bearnaí – Brí na mbearnaí

**Focail bhaininscneacha**

| | |
|---|---|
| 1. cistin | An c**h**istin |
| 2. máthair | An m**h**áthair |
| 3. meánscoil | An m**h**eánscoil |
| 4. fuinneog | An f**h**uinneog |
| 5. cathair | An c**h**athair |
| 6. páirc | An p**h**áirc |

9

## Bearnaí – Brí na mbearnaí

**Focail fhirinscneacha**

| | |
|---|---|
| 1. Meiriceánach | An Meiriceánach |
| 2. Ceanadach | An Ceanadach |
| 3. baile | An baile |
| 4. bord | An bord |
| 5. pictiúr | An pictiúr |
| 6. ceol | An ceol |

10

©GaeilgegoDeo 2023

## Bearnaí – Brí na mbearnaí

- Féach ar an liosta seo d'ainmfhocail.
- An bhfuil na focail firinscneach nó baininscneach?
- Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart.
- Bain úsáid as na focail sa tábla thuas mar threoir.

11

## Bearnaí – Brí na mbearnaí

| | |
|---|---|
| cathaoir | baininscneach |
| Sasanach | firinscneach |
| peil | baininscneach |
| ollscoil | baininscneach |
| duilleog | baininscneach |
| seanmháthair | baininscneach |
| saighdiúir | firinscneach |
| amharclann | baininscneach |

12

## Bearnaí – Brí na mbearnaí

- Líon isteach an ghreille seo a leanas, bunaithe ar cheist 1 agus cheist 2.
- Scríobh an freagra cuí san áit cheart bunaithe ar an dá rogha atá agat.

| | Firinscneach | Baininscneach |
|---|---|---|
| Consain | | |

13

©GaeilgegoDeo 2023

## Bearnaí – Brí na mbearnaí

| | Firinscneach | Baininscneach |
|---|---|---|
| Consain | Ní chuirtear séimhiú (-) | Cuirtear séimhiú (h) |

14

©GaeilgegoDeo 2023